



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2024

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Tíreolaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.
- Chun críche marcála, is éard is Pointe Substantiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d’fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarrthóir, ar bhealach a bhfuil freagra iomlán mar thoradh air atá comhleanúnach tríd is tríd.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála. Nuair a úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

Nóta	Úsáid	Marcanna (más bainteach)
	Eolas ábhartha	1
	Eolas ábhartha	2
	Eolas ábhartha	3
	Eolas ábhartha	4
	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
	Freagra mícheart	Bréagach
	Cuid shuntasach den fhreagra	Níl ar fáil
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / Faisnéis neamhbhailí	Níl ar fáil

CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Aon 10 gceist @ 8 marc an cheann.

Déan gach ceist a ndearnadh iarracht uirthi a mharcáil agus bronn marcanna ar na deich gceist leis na marcanna is airde.

Gan grádú ar bith.

C.1 Cumar Aibhneacha 2m Ceann tíre 2m Lúbloch 2m Comloch 2m	C.7 (i) W 006 533 2m (ii) 8.5 (km) 2m (iii) Ráth Réaltchruthach 2m (iv) 18 (km²) 2m
C.2 (i) C 1m (ii) Ceimiceach 1m A 1m Fisiceach/Meicniúil 1m B 1m Fisiceach/Meicniúil 1m D 1m Ceimiceach 1m	C.8 B Lár 2m C Tulra ar Dheis 2m D Cúlra ar Chlé 2m E Lár ar chlé 2m
C.3 (i) D 1m B 1m A 1m C 1m (ii) Athnuachan 2m (iii) Cúis bhailí 2m	C.9 (i) An Mhíolach 2m (ii) Cothrom 2m (iii) Lúb Ghleann na Cloiche (Glanacloougha Loop) 2m (iv) Buaircíneach (Plandáil) 2m
C.4 (i) C 1m D 1m B 1m A 1m (ii) (a) Fíor 2m (b) Fíor 2m	C.10 (i) Maigh Eo 2m (ii) Ceathair 2m (iii) 146 2m (iv) Isihéil 2m
C.5 (i) C 1m E 1m F 1m D 1m B 1m A 1m (ii) Fíor 2m	C11 (i) 1070 2m (ii) 2020 2m (iii) 1314 2m (iv) Míniú Bailí 1 + 1m
C.6 (i) Uirbeach 1m Geomoirfeolaíoch 1m Aeráide 1m Riaracháin 1m (ii) Beirlín 1m Boirinn 1m Gaineamhlach Te 1m Co. Liatroma 1m	C12 C 2m B 2m A 2m D 2m

In 2024 bhí rogha bhreise ag na hiarrthóirí ar pháipéar Tíreolaíochta Scrúdú na hArdteistiméireactha. Ba iad seo a leanas na treoracha le haghaidh Roinn a Dó den scrúdpháipéar ardleibhéil:

Ní mór tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh anseo:

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Chun marc iomlán a fháil le haghaidh Roinn a Dó, roghnaítear leis an gcóras marcála ar líne ar dtús na trí cheist lena bhfuil na marcanna is airde ó Roinn a Dó agus cuirtear le chéile iad. Má thagann trí cheist as ranna éagsúla, is é seo an marc iomlán ceart do Chuid a Dó, agus cuireann an Scrúdaitheoir GF isteach le haghaidh míre ar a dtugtar Coigeartú. Fágann sé sin an t-iomlán a ríomhadh leis an gcóras marcála ar líne i dtosach mar atá sé.

Má tá trí cheist as cheithre ceist lena bhfuil na marcanna is fearr ón Roinn chéanna, ansin beidh iomlán na gceann sin neamhbhailí mar gheall ar an rúibric a theastaíonn. Sna cásanna sin, cuireann an Scrúdaitheoir an marc diúltach cuí isteach don mhír ‘Coigeartú’, ag baint úsáid as na nótaí mínithe seo a leanas:

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna (más iomchuí)
A	Léirítear go bhfuil na marcanna ón gceist thuas á gcoigeartú ón iomlán	N/B
0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10	Tá iomlán na nótaí mínithe a úsáidtear á ndéalú ón iomlán	0, -1, -2, -3, -4, -5, -6, -7, -8, -9, -10

Go sonrach, cuireann an Scrúdaitheoir an nóta mínithe A ag barr an leathanaigh ar dheis ar freagraíodh an cheist lena bhfuil an ceathrú marc is airde, agus cuireann sé an comhcheangal ceart uimhreacha in aice leis an A sin chun an coigeartú ceart a chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc Coigeartaithe -23 a chur i bhfeidhm, chuirfeadh Scrúdaitheoirí A, -10, -10, -3 ann. Is é éifeacht leis an marc Coigeartaithe a chinntiú go gcuirfear an rúibric thuas i bhfeidhm – is é sin, gurb é marc iomlán iarrthóra le haghaidh Roinn a Dó an comhcheangal is airde de na marcanna bailí (i gcás go dtagann na marcanna ó dhá cheist ar a mhéad ón roinn chéanna).

ROINN 1

PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

Ceist 1 go 3

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist 1

1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- An cúrsa gailf 18 bpoll, ó thuaidh ó bhaile Bheanntaí
- Limistéar iomlán Loch Bó Finne (Lough Bofinna)
- Limistéar iomlán talún atá os cionn 400 méadar ag Mullach Méise (Mullaghmesha).

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile

4 mharc (4/0)

4 ghné @ 4 mharc an ceann

Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Lipéad 1m

- Ní mór imlíne na sracléarscáile a bheith tarraingthe go leathscála an achair a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Ní mór é a bheith i dtreoshuíomh tírdhreacha.
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

1B. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do **cheann amháin** díobh seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag bearta rialúcháin tuilte ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag bearta cosanta cósta ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta.

[30m]

Tionchar ar phróiseas aitheanta 2 mharc

Scrúdúchán 14 x PSÁ

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar an bpróiseas a aithníodh ón scrúdú. Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrathach ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil iontu ach cur síos ar ghníomhaíocht dhaonna gan tagairt ar bith don tionchar ar phróisis dromchla.
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.

Nóta	Úsáid	Marcanna
I	Tionchar ar phróiseas aitheanta	2
Ex	Sampla de shuíomh geografach	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

1C. Teorainneacha Scríosacha Plátaí

Déan plé ar na tionchair a bhíonn ag teorainneacha scríosacha plátaí, agus tagairt á déanamh agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

[30m]


Tionchar aitheanta	2 mharc
Sampla	2 mharc
Plé	13 x PSÁ

- Tabhair 1 x PSÁ as an dara tionchar a aithníodh ón phlé. Is gá plé a dhéanamh ar gach tionchar eile.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.

Nóta	Úsáid	Marcanna
I	Tionchar aitheanta	2
Ex	Sampla de shuíomh geografach	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

Ceist 2

2A. Dífhoirmiú Tírdhreacha



Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar éisc agus tírghnéithe éagsúla a cruthaíodh trí éascadh, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Ainmnigh gach ceann de na cineálacha éisc a bhfuil na lipéid **A** agus **B** orthu.
- Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe a cruthaíodh trí éascadh a bhfuil na lipéid **C** agus **D** orthu.
- Cén cineál éisc a fhaightear san áit a dtarlaíonn próiseas an fhiartha?
- Mínigh go hachomair céard is cúis le héascadh.
- Ainmnigh **dhá** thréimhse inar tógadh fillsléibhte a mhúnlaigh tírdhreach na hÉireann le 400 milliún bliain anuas.
- I do fhreagarleabhar, cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas:
Is é an cuaschlaonas an chuid den fhilleadh inar brúdh suas na sraitheanna carraige.

[20m]

- | | | |
|-------|------------------------|-------------|
| (i) | A = Gnáth éasc | 2 mharc |
| | B = Frith éasc | 2 mharc |
| (ii) | C = Scairp | 2 mharc |
| | D = Blocshliabh | 2 mharc |
| (iii) | Sracéasc | 2 mharc |
| (iv) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Caladónach & Armarcach | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Bréagach | 2 mharc |

2B. Forbairt Tírdhreacha

Freagair (i) nó (ii)

- (i) Scrúdaigh an ról atá ag **próisis chreimthe** ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** tírghné cósta **amháin** nó tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

Próiseas creimthe aitheanta	2 mharc
Tírghné ainmnithe	2 mharc
Scrúdúchán	13 x PSÁ

- Tabhair creidiúint don 2ú próiseas creimthe atá aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach tagairt bhreise do phróisis chreimthe.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón scrúdúchán.
- Tá fócas na ceiste ar ról na bpróiseas creimthe maidir le foirmiú tírghné amháin. Míniú ar phróisis sil-leagan 0 marc.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar thírghné agus gan aon trácht ar fhoirmiú.
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.

Nóta	Úsáid	Marcanna
I	Próiseas creimthe aitheanta	2
N	Tírghné ainmnithe	2
Ex	Sampla nó suíomh	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

Nó

- (ii) Tugtar cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn oibriú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Tosca aitheanta	2 + 2 mharc
Próiseas ollghluaiseachta.ainmnithe	2 mharc
Cur síos/míniú	12 x PSÁ

- Tá cur síos/míniú de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar ollghluaiseacht gan tagairt d'fhachtóirí a rialaíonn a hoibriú.

Nóta	Úsáid	Marcanna
FA	Toisc aitheanta	2
N	Próiseas ollghluaiseachta.ainmnithe	2
Ex	Sampla nó suíomh	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

2C. Gníomhaíocht Bholcánach

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht bholcánach ar fhorbairt thírdhreach na hÉireann agus tagairt agat do gach ceann díobh seo a leanas:

- Gnéithe ionsáite
- Gnéithe easbhrúite.

[30m]

Scrúdú ag tagairt do ghnéithe ionsáite 8/7 x PSÁ
Scrúdú ag tagairt do ghnéithe easbhrúite 7/8 x PSÁ

- Tabhair creidiúint do ghné ionsáite ainmnithe do 1 x PSÁ agus do ghné easbhrúite ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ do shampla de tírdhreach na hÉireann (sáiteach) ón scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ do shampla de tírdhreach na hÉireann (easbhrúite) ón scrúdú.
- 8 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar scrúdú ar thionchar gníomhaíocht bholcánach ag tagairt do ghnéithe ionsáite amháin agus uasmhéid 8 x PSÁ más scrúdú ar thionchar gníomhaíocht bholcánach ag tagairt do ghnéithe easbhrúite amháin.
- 1 x PSÁ ar a mhéad le haghaidh ionsáiteach agus uasta. 1 x PSÁ le haghaidh easbhrúite mura mbaineann an scrúdú le tírdhreach na hÉireann.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Ceist ceangailte le tírdhreach na hÉireann.

Nóta	Úsáid	Marcanna
N	Gné ainmnithe	2
Ex	Sampla	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2
P1 / P2	Baineann anótálacha le scrúdú 1/scrúdú 2	Níl ar fáil

Ceist 3

3A. Teorainneacha Dinimiciúla



Curtha in oiriúint ó www.scienceworld.com

Nuair a foirmíodh Litli-Hrútur ag scoilteán, 61.2 km siar ó dheas ó Réicivíc, an phríomhchathair, bhí sé ar an mbolcán ab óige san Íoslainn.

Taifeadadh na mílte creathán agus crith talún sna laethanta roimh an mbrúchtadh. Shreabh laibhe leáite trasna tírdhreach na hÍoslainne le linn d'ábhar píreaclastach a bheith á chaitheamh san aer agus cleitíní gáis á scaoileadh isteach san atmaisféar.

D'fhás an cón bolcánach nó go raibh sé 30 méadar ar airde sna chéad seacht lá mar gheall ar an sreabhadh leanúnach laibhe. Ghluais laibhe a bhí ag sreabhadh as an gcráitéar go mall trasna an tírdhreacha, srutháin shuaithinseacha laibhe á gcruthú aige. Spreag sé seo breis spéise ó thurasóirí in Litli-Hrútur, ach bhí cosc ar rochtain ar feadh cúpla lá de bharr tinte agus leibhéil gháis a bhí contúirteach.

Scrúdaigh an léarscáil agus an téacs thuas ina ndírítear aird ar ghníomhaíocht theicteonach san Íoslainn. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Cén airde, ina méadair, a ar fhás cón an bholcáin Litli-Hrútur chuici sna chéad seacht lá?
- Tabhair fáth amháin, as an téacs thuas, nár ceadaíodh rochtain i ndiaidh an bhrúchta.
- Ainmnigh **dhá** ghás a scaoiltear as bolcán.
- Tá an Íoslainn suite ar dhá phláta theicteonacha. Ainmnigh an **dá** phláta.
- Mínigh go hachomair tairbhe **amháin** a bhaineann le gníomhaíocht bholcánach.
- Mínigh céard is brí leis an téarma *caildéara*.

[20m]

(i)	30 (méadar)	2 mharc
(ii)	Cúis bhailí	2 mharc
(iii)	Gáis bailí	2 + 2 mharc
(iv)	Eoráiseach & Mheiriceá Thuaidh	2 + 2 mharc
(v)	Míniú bailí	2 + 2 mharc
(vi)	Míniú bailí	2 + 2 mharc

3B. Carraigeacha Dríodair

Scrúdaigh foirmiú carraigeacha dríodair, agus tagairt á déanamh agat do shamplaí as Éirinn.

[30m]

Carraigeacha dríodair ainmnithe
Scrúdú ar fhoirmiú

2 + 2 marc
13 x PSÁ

- Is gá scrúdú a dhéanamh ar gach carraig dhríodair eile.
- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ samplaí bailí de shuíomhanna Éireannacha do gach carraig.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar charraigeacha dríodair gan tagairt don fhoirmiú.

Nóta	Úsáid	Marcanna
N	Carraig dhríodair ainmnithe	2
Ex	Sampla bailí	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

3C. Gníomhaíocht Sheismeach

Mínigh an dóigh ar féidir creathanna talún a thuar agus a gcuid iarmhairtí a laghdú.

[30m]

Tagairt do thuar creathanna talún	2 mharc
Tagairt d'éifeachtaí creathanna talún a laghdú	2 mharc
Míniú	13 x PSÁ

- Tabhair creidiúint don 2ú tagairt do thuar creathanna talún do 1 x PSÁ ón míniú. Teastaíonn míniú ó gach tagairt bhreise.
- Tabhair creidiúint don 2ú tagairt d'éifeachtaí creathanna talún a laghdú do 1 x PSÁ ón míniú. Teastaíonn míniú ó gach tagairt bhreise.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Glac léirmhíniú leathan ar thuar creathanna talún agus ar éifeachtaí creathanna talún a laghdú.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura mínítear ach tuar creathanna talún agus 7 PSÁ ar a mhéad mura mínítear ach laghdú ar éifeachtaí creathanna talún.

Nóta	Úsáid	Marcanna
REF	Tagairt do thuar creathanna talún	2
I	Tagairt d'éifeachtaí creathanna talún a laghdú	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

ROINN 2

TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Ceist 4 go 6

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist 4

4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- **Dhá** lárionad uirbeacha ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe
- Imchruth de ghné ainmnithe rilífe (talamh ard nó talamh íseal).

[20m]

Imlíne na léarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (grádaithe 4/2/0)
Taispeánta 2 mharc grádaithe (2/1/0)
Ainmnithe - 2 mharc

- Ná glac le hÉirinn nó le réigiún Eorpach.
- Glac le haon chineál lárionad uirbeach bailí, beag beann ar mhéid an lárionaid.
- Is féidir ainmneacha a scríobh ar shracléarscáil nó san eochair.
- Is féidir an léarscáil imlíne a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Tugtar marcanna as na gnéithe is gá a ainmniú más bailí agus ceart na hainmneacha fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar mícheart iad.
- Sa chás ina dtaispeántar gnéithe ach go n-ainmnítear mícheart iad, nó nach n-ainmnítear in aon chor iad, tugtar 0 marc don taispeáint agus 0 marc don ainmniú.

4B. Coincheap Réigiúin

Scrúdaigh an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as cultúr **nó** as aeráid chun réigiúin a shainmhíniú. Bíodh tagairt agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

[30m]

Sampla 2 mharc
Scrúdúchán 14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara sampla ón scrúdúchán. Is gá scrúdú a dhéanamh ar gach sampla eile.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as tagairt shonrach don chultúr nó don aeráid ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

Nóta	Úsáid	Marcanna
Ex	Sampla	2
REF	Tagairt don chultúr nó don aeráid	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

4C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Tabhair míniú ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air agus tagairt agat do dhá cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Beartas rialtais
- Saothar
- Margaí
- Bonneagar.

[30m]

Scrúdú ar Thoisce 1

8/7 x PSÁ

Scrúdú ar Thoisce 2

7/8 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla faoi leith de shamplaí sonracha de ghníomhaíocht eacnamaíoch thánaisteach ón scrúdú.
- Ná glac le réigiún Eorpach nó le réigiún Ilchríochach/Fo-ilchríochach.
- Scrúdú gan nasc le réigiún ainmnithe nó tátaí soiléir 0 marc.
- 8 x PSÁ ar a mhéad mura scrúdaítear ach tosc amháin.
- 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura bhfuil ann ach cur síos ar an toisc gan tagairt d'fhorbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch thánaisteach.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

Nóta	Úsáid	Marcanna
	Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach	2
	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
	Léaráid bhailí	2
 / 	Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2	Níl ar fáil

Ceist 5

5A. Éagothroime Réigiúnach san Aontas Eorpach


Chuaigh Éire isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) (an tAontas Eorpach (AE) anois) i 1973, in éineacht leis an Danmhairg agus an RA, nuair a rinneadh an chéad mhéadú ar an aontas.

Beagnach 50 bliain ó shin (mí na Nollag 1974), i ngníomh dlúthpháirtíochta leis na tíortha a bhí ina mbaill nua, d'aontaigh ceannairí an AE (an CEE ag an am) ciste a bhunú ar mhaithe le réigiúin

bheagfhorbartha san Eoraip. De bharr an ghnímh dlúthpháirtíochta sin bunaíodh *Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)*.

Tháinig an maoiniú ó na geilleagair shaibhre, agus é mar aidhm acu tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bonneagair, poist a chruthú agus infheistíocht isteach a mhealladh. Le hinfheistíochtaí spriocdhírithe thug an ciste aghaidh ar éagothroime san fhorbairt réigiúnach.

Chonacthas tionchair dhearfacha an chiste ar fud an AE de réir mar a líonadh na bearnaí san fhorbairt réigiúnach, de réir mar a tugadh tacaíocht do phobail tuaithe agus de réir mar a cuireadh forbairt uirbeach chun cinn.



Curtha in oiriúint ó www.europa.eu

Scrúdaigh an léarscáil agus an téacs thuas ina dtugtar breac-chuntas ar fhorbairt an Aontais Eorpaigh agus bunú an CFRE, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Seachas Éire, liostaigh an **dá** thír a chuaigh isteach san CEE (an AE anois) in 1973.
- Ainmnigh **dhá** thír a bhí ina mbaill bhunaidh den AE.
- Luaigh **dhá** fheidhm a bhí le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.
- Mínigh go hachomair **dhá** dhúshlán atá roimh an AE sa lá atá inniu ann.

[20m]

- | | | |
|-------|----------------------|-------------|
| (i) | RA agus an Danmhairg | 2 + 2 mharc |
| (ii) | Tíortha bailí | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Ráiteas bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag ceann **amháin** díobh seo a leanas ar fhorbairt gníomhaíochta geilleagraí príomhúla/gníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla in **dhá** réigiún chontrártha san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

- Aeráid
- Rilíf.

[30m]

Scrúdú ar réigiún 1 8/7 x PSÁ
Scrúdú ar réigiún 2 7/8 x PSÁ

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin le haghaidh tionchar na haeráide/faoisimh ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla. Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin le haghaidh sampla sonrach de ghníomhaíochtaí geilleagraí príomhúla ón scrúdú.
- Ná glac le réigiún Éireannach nó Fo-réigiún/ Ilchríochach.
- 8 x PSÁ ar a mhéad mura scrúdaítear ach réigiún amháin. Plé gan nasc le haon réigiún ainmnithe nó le tátal soiléir 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin más díreach cur síos atá ann ar ghníomhaíochta geilleagraí príomhúla, gan trácht ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

Nóta	Úsáid	Marcanna
I	Tionchar aeráide/faoisimh ar fhorbairt na príomhghníomhaíochta	2
Ex	Sampla sonrach de ghníomhaíocht phríomhúil	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2
P1 / P2	Baineann anótálacha le réigiún 1/réigiún 2	Níl ar fáil

5C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach **amháin** i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Limistéar uirbeach ainmnithe	2 mharc
Tosca aitheanta	2 + 2 mharc
Scrúdúchán	12 x PSÁ

- Tabhair creidiúint don tríú toisc a aithníodh do 1 x PSÁ ón scrúdú. Teastaíonn scrúdúchán ar gach toisc eile.
- Ná glac le limistéar uirbeach i réigiún Eorpach nó i réigiún Ilchríochach/Fo-ilchríochach.
- Glactar le haon chineál limistéar uirbeach bailí, nó cuid de sin, beag beann ar mhéid an limistéir.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do limistéar uirbeach ainmnithe ná do limistéar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Is féidir leis an scrúdú a bheith bunaithe ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.

Nóta	Úsáid	Marcanna
N	Limistéar uirbeach ainmnithe	2
FA	Toisc aitheanta	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

Ceist 6

6A. An Turasóireacht in Éirinn

Nithe ba Dhíol Spéise do Thurasóirí in Éirinn, 2022

Na Nithe ba mhó Díol Spéise do Thurasóirí		Sciar Turasóirí de réir Catagóire	
Díol spéise	Líon Cuaiteoirí	Catagóir	% Sciar
Ionad Cuaiteoirí Pháirc an Fhionnuisce	2,013,211	Suíomh stairiúil	36
Fearann Páirce Chaisleán Chill Chainnigh	1,418,171	Músaem, gailearaí	17
Zú Bhaile Átha Cliath	1,242,556	Ionad cuaitteoirí/oidhreacht	X
Ionad na gCuaiteoirí ag Aillte an Mhothair	1,136,868	Eispéireas branda	10
Stóras Guinness	1,110,000	Díol spéise nádúrtha	7
Fearann Páirce Theach Bhaile an Chaisleáin	958,921	Gairdín cuaitteoirí	7
Leabhar Cheanannais	835,065	Zú, uisceadán, feirm oscailte	6
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	789,315	Páirc oidhreacht/fóillíochta/théama	3

Curtha in oiriúint ó www.failteireland.ie

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar na nithe ba mhó díol spéise do thurasóirí in Éirinn in 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Ainmnigh an **dá** ní ba mhó díol spéise do thurasóirí.
- Cén ní ba dhíol spéise do thurasóirí ar thug 835,065 turasóir cuait air?
- Cén chatagóir ar thug 17% de thurasóirí cuait uirthi?
- Ríomh **X**, an céatadán de thurasóirí a thug cuait ar ionad cuaitteoirí/oidhreacht.
- Ar chóste thoir na hÉireann atá tromlach na nithe ba dhíol spéise sa tábla. Mínigh go hachomair cúis **amháin** a raibh líon na gcuaiteoirí a chuaigh chuig nithe ba dhíol spéise ar an gcósta thoir níos mó ná an líon a thug cuait ar áiteanna eile sa tír.
- Mínigh go hachomair tionchar diúltach amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an turasóireacht.

[20m]

- | | | |
|-------|---|-------------|
| (i) | Ionad Cuaiteoirí Pháirc an Fhionnuisce & Fearann Páirce Chaisleán Chill Chainnigh | 2 + 2 mharc |
| (ii) | Leabhar Cheanannais | 2 mharc |
| (iii) | Músaem, Gailearaí | 2 mharc |
| (iv) | 14 (%) | 4 mharc |
| (v) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mhar |

6B. Dinimic Daonra

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Scrúdúchán

15 x PSÁ

- Tabhair creidiúint do thosca a mbíonn tionchar acu ar dháileadh an daonra do 2 x PSÁ ón scrúdú. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ do shuíomh ainmnithe laistigh den réigiún ón scrúdú.
- Ná glac le hÉirinn nó le réigiún Eorpach.
- Scrúdú gan tagairt do réigiún ainmnithe nó tátal soiléir 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos atá ann ar dháileadh daonra, gan aon mhíniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Mura scrúdaíodh ach cuid amháin de réigiún, 8 x PSÁ ar a mhéad (tagraíonn an cheist ar fud an réigiúin).

Nóta	Úsáid	Marcanna
FA	Toisc ainmnithe	2
Ex	Sampla de shuíomh	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	Níl ar fáil
Dg	Léaráid bhailí	2

6C. Réigiún Shocheachnamaíocha

Pléigh an dóigh a mbíonn an ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroí-réigiún difriúil leis an ngníomhaíocht gheilleagrach i réigiún fhorimeallacha agus úsáid á baint agat as samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

[30m]

Plé

15 x PSÁ

- Tabhair creidiúint do chroí-réigiún ainmnithe amháin 1 x PSÁ ón bplé.
- Tabhair creidiúint do réigiún forimeallach ainmnithe amháin 1 x PSÁ ón bplé.
- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh samplaí de ghníomhaíocht eacnamaíoch.
- Glac le plé ar ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó.
- Glac le plé ar gach cineál gníomhaíochta eacnamaíche i.e. Bunscoil, Meánscoil agus Treasach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad chun cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i réigiún lárnacha nó forimeallacha.
- Maidir le sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha sa bhreis ar an tsracléarscáil, nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

Nóta	Úsáid	Marcanna
N	Réigiún ainmnithe	2
Ex	Sampla de ghníomhaíocht eacnamaíoch	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil
Dg	Sracléarscáil bailí	2

ROINN 3

TOGHAONAIÐ

Ceist 7 go 12

Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)

Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Ceist 7 go 9

Ceist 7

7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Oifig an phoist
- An líne tharchuir leictreachais.
- An bóthar R584
- An láithreán campála.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (4/0)
Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)
Lipéad 1m

- Ní mór imlíne na sracléarscáile a bheith tarraingthe go leathscála an achair a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Ní mór é a bheith i dtreoshuíomh tírdhreacha.
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

Nóta	Úsáid	Marcanna
#	Gan aon iarracht an cósta a chur san áireamh ar shracléarscáil	- 2

7B. Forbairt Gheilleagrach

Déan plé ar an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) agus as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) chun forbairt gheilleagrach a thomhas agus tagairt agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

[30m]

Tagairt don OTN mar bheart	2 mharc
Tagairt do IFD mar bheart	2 mharc
Sampla	2 mharc
Plé	12 x PSÁ

- Is gá gach tagairt bhreise do OTN agus IFD a phlé.
- Tabhair creidiúint don dara sampla 1 x PSÁ ón bplé.
- Glac le léirmhíniú leathan ar fhorbairt.
- 6 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach plé ar OTN mar thomhas ar fhorbairt eacnamaíoch agus 6 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach plé ar IFD mar thomhas ar fhorbairt eacnamaíoch.
- Dírítear an cheist ar conas is bearta forbartha eacnamaíochta iad an IFD agus an OTN.

Nóta	Úsáid	Marcanna
REF	Tagairt don OTN	2
N	Tagairt don IFD	2
Ex	Sampla	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	Níl ar fáil

7C. Forbairt Inbhuanaithe

Scrúdaigh an dóigh ar féidir gníomhachtaí geilleagracha a forbairt i slite inbhuanaithe d'fhonn a dtionchar ar an gcomhshaol a shrianadh.

[30m]

Scrúdúchán


15 x PSÁ

- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a aithníodh ón scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as tagairt do rialú an tionchair timpeallachta ón scrúdú.
- 2 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar plé ar fhorbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha gan tagairt don tionchar comhshaoil.
- 2 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar plé ar thionchar comhshaoil gan tagairt d'fhorbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Nóta	Úsáid	Marcanna
	Samplaí de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha aitheanta	2
	Tagairt do rialú an tionchair timpeallachta	2
	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
	Farasbarr eolais	Níl ar fáil

Ceist 8

8A. Coilíneachas



Scrúdaigh an léarscáil thuas ar a dtaispeántar líon na gcoilíneachtaí a bhí ag tíortha Eorpacha roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceistanna seo a leanas.

- Cén tír a raibh an líon ab airde coilíneachtaí aici?
- Ainmnigh **dhá** thír ar an léarscáil a raibh go díreach coilíneacht amháin acu.
- Cé mhéad tír, as na tíortha a thaispeántar ar an léarscáil, a raibh níos mó ná 10 gcoilíneacht acu?
- Ainmnigh tír **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus a ndearnadh coilíniú uirthi, agus ainmnigh an tír a rinne an coilíniú uirthi.
- Mínigh go hachomair céard a chiallaíonn an téarma *coilíneachas*.
- Mínigh go hachomair tionchar diúltach **amháin** a bhí ag an gcoilíneachas ar gheilleagar a bhí i mbéal forbartha agus a bhfuil staidéar déanta agat air.

[20m]

- | | | |
|-------|---|-------------|
| (i) | An Ríocht Aontaithe | 2 mharc |
| (ii) | An Ghréig & An Ostair | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Sé | 2 mharc |
| (iv) | Tír choilínithe bhailí & tír ag coilíniú bhailí | 2 + 2 mharc |
